Samhain 2023

# Albain Nua á Tógáil : Albain neamhspleách san Aontas Eorpach

BUILDING A NEW SCOTLAND

## Achoimre

Ach a bheith ina náisiún neamhspleách san Aontas Eorpach, beidh an deis ag Albain fáil a bheith aici arís ar an méid a cailleadh de bharr an Bhreatimeachta agus ar an méid nach féidir a bhaint amach leis an gcineachadh. Den chéad uair, bheadh Albain ag an mbord, ag cur leasanna na hAlban chun cinn ar bhonn díreach san Aontas Eorpach. Dá mbeadh Albain neamhspleách, rannchuideodh sí leis an Aontas Eorpach agus lena bhallstáit.

Luaitear sa téacs iomlán an fhianaise is bonn leis an achoimre seo, chomh maith le tagairtí d'fhoinsí.

## Albain, an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach

Chuaigh náisiún seanbhunaithe na hAlban i mbun aontas polaitiúil deonach le náisiún Shasana sa bhliain 1707. Laistigh den aontas sin, bhí institiúidí agus córais náisiúnta ar leith fós ag Albain.

Is ag Parlaimint na Ríochta Aontaithe atá smacht ar an mbeartas maicreacnamaíoch, ar an mbeartas eachtrach agus ar chosaint, agus is aici atá formhór na gcumhachtaí slándála sóisialta agus cánachais.

Leis an gcineachadh agus le hathbhunú Pharlaimint na hAlban, léiríodh na buntáistí a bhaineann le féinrialtas d'Albain. In 2014 vótáil muintir na hAlban i reifreann lena chur in iúl an raibh siad ag iarraidh Albain a bheith neamhspleách nó gan a bheith. Roimhe sin, eagraíodh feachtas inar mhaígh na daoine a bhí ag argóint i gcoinne an neamhspleáchais nár mhór vóta a chaitheamh in aghaidh an neamhspleáchais chun ballraíocht san Aontas Eorpach a bheith againn.

Is iad na bunphrionsabail agus na bunluachanna céanna atá ag an Aontas Eorpach agus ag Albain – cinn atá bunaithe ar dhínit an duine, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta, ar an tsaoirse, ar an daonlathas agus ar chearta an duine. Léiríodh an méid sin nuair a vótáil muintir na hAlban go tréan ar son fanacht san Aontas Eorpach in 2016.

Spreag an Breatimeacht tuilleadh díospóireachta faoin cé acu an buntáiste d'Albain é nó nach ea a bheith neamhspleách agus ina ballstát den Aontas Eorpach aisti féin.

Sa pháipéar seo, cuirtear fianaise i láthair a léiríonn go bhfuil Albain faoi mhíbhuntáiste geilleagrach, sóisialta agus cultúrtha de bharr chinneadh rialtas Westminster tabhairt faoin rud ar a dtugtar 'Breatimeacht crua'. Ba shaintréithe den chur chuige a bhí ag Westminster i leith na caibidlíochta iad aighneas gan ghá leis an Aontas Eorpach agus neamhaird ar thuairimí agus leasanna mhuintir na hAlban.

Baineadh Albain as an margadh aonair agus as líonra caidrimh an Aontais Eorpaigh le tíortha ar fud an domhain, caidreamh a mbíonn an-bhuntáiste ag gabháil leis. Chaill muintir na hAlban a gceart chun bheith ag cónaí, ag obair agus ag staidéar i mballstát ar bith den Aontas Eorpach.

Mar sin is cás ar leith é ceann na hAlban – is tír í atá in aontas deonach a tógadh as an Aontas Eorpach agus as an margadh aonair cé nach é sin a bhí ó thromlach a muintire.

## D'fhágfadh ballraíocht san Aontas Eorpach go mbeadh an-chuid buntáistí ag Albain

Tá fianaise ann a léiríonn go ngabhann buntáistí geilleagracha, sochaíocha agus cultúrtha le ballraíocht san Aontas Eorpach. Ach Albain a bheith san Aontas Eorpach:

- bheadh sí sa mhargadh aonair is mó ar domhan, ina bhfuil saorghluaiseacht earraí, seirbhísí, caipitil agus daoine. Tá an margadh sin seacht n-uaire chomh mór leis an Ríocht Aontaithe agus mar sin ní bheadh aon bhac ar ghnólachtaí na hAlban agus iad ag trádáil le níos mó gnólachtaí agus ag díol le níos mó custaiméirí
- bheadh deiseanna oiliúna agus fostaíochta níos mó agus níos fearr le tapú ag muintir na hAlban. D'fhéadfaimis daoine a mhealladh ó gach cearn den Aontas Eorpach agus iad a fhostú chun ár ngnóthaí, ár n-ollscoileanna cáiliúla agus ár seirbhísí poiblí a chothú
- bheadh deiseanna ann chun malartuithe cultúrtha a chothú agus comhpháirtíochtaí taighde a fhorbairt chun rathúnas agus folláine ár saoránach a chur chun cinn
- bheadh Albain i gcroílár eagraíochta a bhfuil cumhacht dhomhanda uirthi. Bheimis ag obair i gcomhar lenár gcomhpháirtithe chun beartais an Aontais Eorpaigh a fhorbairt agus chun dul i ngleic le dúshláin dhomhanda amhail an t-athrú aeráide
- bheadh rochtain ag Albain arís ar uirlisí forghníomhaithe dlí an Aontais Eorpaigh, a chuidíonn cur i gcoinne na coireachta trasteorann agus bagairtí trasteorann

Ach a bheith san Aontas Eorpach, bheadh ionadaíocht dhíreach ag Albain neamhspleách ar fud institiúidí an Aontais. Chuirfeadh sé sin ar a cumas d'Albain lámh a bheidh aici i gcinntí comhchoiteanna a léiríonn tosaíochtaí na hAlban trí phróisis dhaonlathacha, thrédhearcacha.

Leagtar amach sa pháipéar na buntáistí sin agus go leor buntáistí eile a bhaineann le ballraíocht san Aontas Eorpach.

## Tá go leor le tairiscint ag Albain don Aontas Eorpach mar bhallstát

Ar an gcaoi chéanna a bhfuil go leor le tairiscint ag an Aontas Eorpach d'Albain, bhainfeadh an tAontas Eorpach an-tairbhe as ballraíocht na hAlban freisin. Mar shampla:

- D'fhéadfadh cumas na hAlban i ndáil le fuinneamh in-athnuaite, taighde, forbairt agus nuálaíocht cabhrú leis an Aontas Eorpach teicneolaíochtaí na todhchaí a fhorbairt agus cur leis an aistriú go dtí fuinneamh atá neodrach ó thaobh carbóin de
- Bheadh fáilte arís roimh scoláirí Erasmus+ ó bhallstáit an Aontais Eorpaigh i gcoláistí agus ollscoileanna sár-mhaithe na hAlban
- Chuirfeadh cultúr bríomhar na hAlban go mór leis an Aontas Eorpach ó thaobh a bheith dinimiciúil agus breathnú chun cinn

Bheadh Albain neamhspleách i riocht maith chun seasamh le luachanna an Aontais Eorpaigh. Tá Rialtas na hAlban meáite ar rannchuidiú leis an gclár oibre atá aige féin agus an Aontas Eorpach araon ó thaobh ceartas sóisialta agus ó thaobh sochaí níos cothroime agus níos glaise a bhaint amach.

## Is é an neamhspleáchas an t-aon bhealach réalaíoch chun ballraíocht san Aontas Eorpach a bhaint amach

Dá mbeadh Albain san Aontas Eorpach, ní thiocfadh deireadh leis an gcaidreamh luachmhar atá againn leis an Ríocht Aontaithe, agus a bheidh againn feasta. Mar bhall den Aontas Eorpach, bheadh an caidreamh trádála idir Albain neamhspleách agus an chuid eile den Ríocht Aontaithe faoi réir cibé socruithe trádála comhaontaithe a bhí i bhfeidhm an tráth sin idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe. Bheadh náisiúin eile na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann fós ina ndlúthchairde luachmhara de chuid na hAlbain.

Leagtar amach sa pháipéar an próiseas chun dul isteach san Aontas Eorpach. Léirítear go bhfuil an t-eolas agus na líonraí ag Albain cheana féin chun bonn a chur faoi bhallraíocht rathúil san Aontas Eorpach. Tá dlíthe na hAlban ag teacht go mór le dlíthe an Aontais Eorpaigh cheana féin. Mar sin, is léir don Rialtas seo go mbeadh Albain i riocht maith chun ceanglais an phróisis aontachais a chomhlíonadh go gasta réidh.

Is é atá á mholadh ag Rialtas na hAlban ná go ndéanfaidh Albain iarratas ar bheith ina ball den Aontas Eorpach a luaithe is féidir.

Bheadh Albain i gcás nach bhfacthas a leithéid roimhe seo. Níl tír ar bith eile ann a tógadh amach as an Aontas Eorpach agus as an margadh aonair in aghaidh a tola. Ní dhearna aon tír eile iarratas ar dhul isteach san Aontas Eorpach arís.

I gcás fhormhór mhuintir na hAlban, Pharlaimint na hAlban agus Rialtas na hAlban, ní raibh siad riamh ag iarraidh an Aontas Eorpach a fhágáil. Tá ballraíocht san Aontas Eorpach ina gné lárnach den rath a bheidh ar gheilleagar agus sochaí na hAlban amach anseo. Is é an neamhspleáchas an t-aon bhealach réalaíoch chun é sin a bhaint amach.

© Rialtas na hAlban, 2023

Arna fhoilsiú ag Rialtas na hAlban, Samhain 2023

Arna tháirgeadh do Rialtas na hAlban ag APS Group Scotland, 21 Tennant Street,
Dún Éideann EH6 5NA PPDAS1341862 (11/23)